# Cad a chosnaíonn sé?

Íocann an tuismitheoir nó an caomhnóir roinnt táillí agus tógtar cuid de na táillí amach as an gcuntas Money Mate de chuid An Post. Ní bhainimid táille amach as rudaí a cheannach i siopaí nó ar líne in euro.

| Idirbheart in Euro | Tuismitheoir/ Caomhnóir | Leanbh |
|---|---|---|
| Táille chothabhála mhíosúil | €2.00 | - |
| Airgead tirim a aistarraingt ó Oifig an Phoist | - | 1 saor in aisce gach seachtain, €0.50 in aghaidh na haistarraingthe ina dhiaidh sin |
| Airgead tirim a a thaisceadh in Oifig an Phoist | - | - |
| Aistarraingt UMB | - | €0.60 |
| **Idirbheart nach bhfuil in Euro** | **Tuismitheoir/Caomhnóir** | **Leanbh** |
| Aistarraingt UMB | - | €0.90 móide 3% de luach an idirbhirt |
| Pointe díolacháin, gan tadhall agus airgead ar ais[1] | - | 3% de luach an idirbhirt |
| D'fhéadfadh idirbhearta nach bhfuil in euro a bheith faoi réir táillí malairte eachtraí arna gcur i bhfeidhm ag tríú páirtithe anuas ar na táillí a ghearraimid féin. | | |
| **Idirbhearta eile** | | **Leanbh** |
| Seiceanna a taisceadh i do chuntas agus a cuireadh ar ais gan íoc[2] | | €5.00 |
| Ráiteas fisiciúil breise | | €5.00 |

[1]Tá airgead ar ais faoi réir rannpháirtíocht aonair an mhiondíoltóra
[2]Gearrtar táillí taiscthe seiceanna in aghaidh gach seic a thaisctear

## Dearbhán One4all €15

Gheobhaidh tú Dearbhán One4all €15 saor in aisce nuair a chuireann tú isteach an cód promóisin thíos le linn duit iarratas a dhéanamh ar An Post Money Mate Post ar an aip An Post Money. Eiseofar an dearbhán duit sa phost.

**Cód Promóisin**

| | | | |
|---|---|---|---|
| | | | |

***Má tá na réimsí thuas bán, iarr an cód promóisin ag an gcuntar.***

## Ceisteanna Coitianta

**Cé atá in ann cuntas Money Mate An Post a oscailt?**

Is féidir le tuismitheoir nó le caomhnóir suas le ceithre chuntas Money Mate de chuid An Post a oscailte má tá leanaí idir 7-15* bliana d'aois acu.

**Cén chaoi a n-íocann tú airgead isteach sa chuntas?**

Is féidir leis an tuismitheoir nó leis an gcaomhnóir airgead a aistriú isteach sa chuntas ó aip An Post Money, nó liúntas rialta a shocrú**. Is féidir leo íoc le hairgead tirim freisin nó le seic gan aon chostas ag aon oifig poist - ní theastóidh uait ach an cárta dochair a thabhairt leat.

**An féidir leis an tuismitheoir nó leis an gcaomhnóir airgead a thógáil amach as an gcuntas?**

Ní féidir - is féidir leo súil a choinneáil ar a bhfuil ag tarlú don chuntas agus rialuithe a leagan síos, chomh maith le haistrithe isteach sa chuntas a shocrú, ach ní féidir leo airgead a aistarraingt as an gcuntas.

**An bhfuil an t-airgead atá sa chuntas sábháilte?**

Chun faisnéis a fháil faoi conas do chuid airgid a chosaint, féach leathanach 1 den doiciméad Téarmaí & Coinníollacha atá ar fáil ar líne agus inár n-oifigí poist.

**Cén chaoi a úsáideann An Post Money sonraí do linbh?**

Ní bhailímid ach amháin sonraí a theastaíonn uait chun an cuntas seo a chur ar bun agus a bhainistiú. Leanfaimid ag sealbhú sonraí is gá chun an cuntas a bhainistiú agus chun cloí lenár gcomhlíontacht rialála agus lenár n-oibleagáidí cosanta sonraí, ach ní úsáidfimid iad riamh chun próifíl a dhéanamh den leanbh nó chun ábhar margaíochta a sheoladh chucu.

**Cad a tharlaíonn nuair a bhím 16 bliana d'aois?**

Is furasta duit athrú chuig cuntas reatha do dhaoine fásta lena ngabhann táille níos ísle nó do chuntas a dhúnadh. Chun tuilleadh faisnéise a fháil téigh chuig **anpost.com/currentaccount**

*Tá Téarmaí & Coinníollacha i bhfeidhm. Ní féidir le comhshealbhóir Cuntas Reatha An Post Money an cuntas An Post Money Mate a oscailt ná é a oscailt do leanbh atá os cionn 16 bliana d'aois. Is féidir le custaiméirí atá 16 bliana d'aois agus os a chionn Cuntas Reatha An Post Money a oscailt.
Féach **anpost.com/moneymate** le haghaidh tuilleadh sonraí.

**Níl an liúntas reatha ar fáil ach amháin do chustaiméirí Chuntas Reatha An Post Money. Tógann sé suas le 1 lá oibre íocaíochtaí liúntais rialta a phróiseáil e.g. beidh íocaíocht atá sceidealaithe le haghaidh Dé hAoine le feiceáil i gcuntas an linbh ar an Luan.

an post money

E00161750 - 0623

# An Post Money Mate

an post money

## Ag cuidiú le daoine idir 7-15 bliana d'aois **airgead a chaitheamh, a shaothrú agus a chur i dtaisce.**



# Tosaigh inniu

Tá An Post Money Mate deartha chun cuidiú le daoine óga idir 7-15 bliana d'aois* foghlaim lena gcuid airgid a bhainistiú le cabhair óna dtuismitheoir nó óna gcaomhnóir. Bíonn deis ag an tuismitheoir nó ag an gcaomhnóir a bheith i gceannas i gcónaí ach tugtar neamhspleáchas nua do pháistí agus bealaí chun airgead a shaothrú agus a chur i dtaisce.

Is féidir le tuismitheoirí nó le caomhnóirí clárú inniu ar an aip An Post Money, atá ar fáil ar an App Store nó ar Google Play.

## Conas clárú

**Custaiméirí Chuntas Reatha An Post Money:**

1. Logáil isteach ar an aip An Post Money.
2. Tapáil an cnaipe móide ( + ) ar scáileán na gcuntas.
3. Lean na treoracha ar an scáileán chun clárú do An Post Money Mate.

**Custaiméirí nach bhfuil Cuntas Reatha An Post Money acu:**

1. Íoslódáil an aip An Post Money agus oscail í.
2. Cliceáil ar an gcnaipe 'Custaiméir nua' agus cuir isteach do dháta breithe.
3. Roghnaigh 'Gan táirgí reatha' ar an gcéad scáileán eile.
4. Roghnaigh 'Money Mate' agus ansin lean na treoracha ar an scáileán chun do leanbh a chlárú (teastóidh cruthúnas ar aitheantas a bheith agat agus cruthúnas ar do sheoladh duit féin).

Nuair a bheidh an leanbh cláraithe, seolfaimid pacáiste fáilte chugat ina mbeidh an Mastercard® Dochair gan tadhall. Beidh do leanbh in ann an aip An Post Money a íoslódáil ar a fhón agus na treoracha ar an scáileán a leanúint chun tosú.

Mura bhfuil Cuntas Reatha de chuid An Post Money agat faoi láthair ach go mbeadh suim agat Cuntas Reatha a oscailt amach anseo, féadfaidh tú uasghrádú go héasca anois, ní thógfaidh sé ach cúpla soicind ar an aip An Post Money.

Ní féidir cuntas An Post Money a oscailt do leanbh atá os cionn 16 bliana d'aois. Is féidir le custaiméirí atá 16 bliana d'aois agus os a chionn Cuntas Reatha An Post Money a oscailt.

Is trádmharc de chuid Apple Inc., atá cláraithe sna Stáit Aontaithe agus i dtíortha eile, iad App Store. Is trádmharc de chuid Google LLC é Google Play.

# Príomhghnéithe

## Bí i gCeannas i gcónaí

- Déan gach gné den chuntas a bhainistiú ar an aip An Post Money. Feicfidh an tuismitheoir nó an caomhnóir a bhfuil ag tarlú ar an gcuntas, beidh siad in ann teorainneacha caiteachais* a leagan síos agus smacht a bheith acu ar cá háit a bhfuil an cárta á úsáid trí shrianta a leagan síos.

## Ag cuidiú leo airgead a chaitheamh

- Le cárta dochair gan tadhall, is féidir le leanaí airgead a thógáil amach as Meaisíní UMB agus rudaí a cheannach i siopaí agus ar líne.

## Ag cuidiú leo airgead a shaothrú

- Le Jabanna, is féidir le leanaí tascanna agus luach saothair a aontú lena dtuismitheoirí nó caomhnóir, agus íocaíocht a fháil ar Jabanna na seachtaine ar an Domhnach.
- Is féidir leis an tuismitheoir nó leis an gcaomhnóir liúntas seachtainiúil a leagan síos freisin nó airgead a chur leis an gcuntas aon am lena n-aip An Post Money.**
- Cuir airgead isteach sa chuntas saor in aisce ag aon oifig poist in Éirinn leis an gcárta dochair.

## Ag cuidiú leo airgead a chur i dtaisce

- Ag cur airgead i dtaisce le haghaidh ócáid speisialta? Is féidir le leanaí airgead a chur isteach i bPrócaí agus féachaint air fás.
- Nuair is mian leo airgead a thógáil amach as Próca, iarrann siad é ar an aip. Faigheann an tuismitheoir nó an caomhnóir leid ansin ón aip chun an aistarraingt a cheadú.
- Is féidir suas le €3,000 a shábháil ag aon am in aon chuntas An Post Money Mate, Prócaí san áireamh.

* Tá uasteorainn maidir le hidirbhearta laethúla agus aistarraingtí UMB i bhfeidhm. Féach **anpost.com/moneymate** le haghaidh tuilleadh sonraí.

**Níl an liúntas reatha ar fáil ach amháin do chustaiméirí Chuntas Reatha An Post Money. Tógann sé suas le 1 lá oibre íocaíochtaí liúntais rialta a phróiseáil e.g. beidh íocaíocht atá sceidealaithe le haghaidh Dé hAoine le feiceáil i gcuntas an linbh ar an Luan.

## Á gcoinneáil slán

- Má théann an cárta amú, is féidir leis an tuismitheoir nó leis an gcaomhnóir é a reo láithreach ar a n-aip, ionas go mbeidh an t-airgead sa chuntas sábháilte.
- Oscail Próca a mbeidh an leanbh in ann dul isteach ann láithreach má theastaíonn airgead uathu go práinneach.

## Táillí

- Ní ghearrtar ach €2 in aghaidh na míosa ar chustaiméirí le haghaidh gach cuntas An Post Money Mate a osclaíonn siad, fiú mura bhfuil cuntas bainc acu linn.
- Tógtar na táillí sin ansin ó Chuntas Reatha An Post Money nó ó aip An Post Money an tuismitheora nó an chaomhnóra. Féach thall maidir le táillí idirbhirt breise.

Tá Téarmaí agus Coinníollacha i bhfeidhm. Tá An Post údaraithe ag an Aire Airgeadais chun seirbhísí íocaíochta a chur ar fáil agus tá sé á rialáil ag Banc Ceannais na hÉireann maidir le soláthar seirbhísí den sórt sin. Is é An Post a eisíonn Mastercard® Dochair Money Mate An Post. Is trádmharc cláraithe é Mastercard, agus is trádmharc de chuid Mastercard International Incorporated é dearadh na gciorcal.